

Gael-Choláiste Chill Dara

Seanbhóthar Luimnigh

Nás na Ríogh

Co Chill Dara W91 E282

Rolla 68072I

Fón/faics 045 898294

www.gccd.ie



Cód Iompair GCCD

Leasaithe de réir BNLO seicliosta

1. Misean

Is Meánscoil lán-Ghaeilge, chaitliceach, saor ó tháillí í Gael-Choláiste Chill Dara atá mar pháirt lárnach de Phobal na Gaeilge. Soláthraíonn ár scoil oideachas den scoth chun cabhrú le daltaí a mbuanna indibhidiúla a aithint is a bhláthú i gcomhpháirt lena dtuismitheoirí. Is scoil í a chuireann fáilte roimh dhaltaí ó chreidimh is ó chúlraí difriúla a dhéanann comhbhá lenár bhfís, lenár spiorad agus lenár bhfealsúnacht.

2. Ráiteas

Spiorad Gaelach, spiorad Críostaíochta, úsáid na teanga agus an chultúir, cúram agus aire, cothú agus tacaíocht, meas ar féinig agus ar uile, rannpháirteachas agus glacadh páirte is ea spiorad Ghael-Choláiste Chill Dara.

3. Aidhmeanna

Tá sé mar bhun aidhm sa pholasaí seo;

- 'Meas ar a Chéile' le sonrú i ngach ghné de shaol na scoile.
- Treoracha soiléire leagtha síos faoi chonas a dhéilítear le sárú rialacha ó thaobh na ndaltaí agus na múinteoirí de.
- Nósanna imeachta soiléire ar na céimeanna a thógtar má bhíonn dalta ag cothú fadhbanna sa scoil.
- I dteannta leis an bPolasaí Frith-bhulaíochta táthar ag súil go mbeidh scoil slán cosanta do ghach duine sa scoil agus mar sin go gcuirfidh sé le spiorad na scoile.
- Le córas iompar láidir beidh seans a gar ndaltaí an t-oideachas is fearr agus is leithne a fháil.

4. Cúlra

Bunaítear Cód Iompair na scoile seo ar rannóg 23, an tAcht Oideachais(Leas), 2000. Faigheann an Cód Iompair seo a chritéar ó shainmheon na scoile agus ó na hachtanna éagsúla atá leagtha síos ag an Oireachtas.

Tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta an sainmheon a chaomhnú agus a chur chun cinn de réir rannóg 15 (2) (b), an tAcht Oideachais 1998. Leanann an sainmheon ó fhís bhunaitheoirí Ghael-Choláiste Chill Dara: Séamus Ó Ceanainn, Tomás Ó Póil, Tomás Ó Riain, Conor Ó Mathúna and Dónal Ó Laoire.

Go hachóimir, is é croí an tsainmheoin seo ná daoine fásta a chruthú atá tumtha i dteanga agus i gcultúr na Gaeilge agus atá ina gCríostaithe maithe agus ina saoránaithe macánta. Is í aidhm oideachais Ghael-Choláiste Chill Dara ná timpeallacht fháiltiúil a chruthú, inar féidir le daoine óga bheith oile trí chóras lán-daonnach, spioradálta agus oideachasúil. Cuireann an timpeallacht seo iachall ar gach páirtneir, idir tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí, daltaí, an tAire Oideachais agus riarthoirí comhphobal na scoile, meas a bheith acu ar chách, bheith freagrach agus comhphobal cúramach a chothú.

Leagtar síos critéir ag na hachtanna dleathacha éagsúla, critéir a chaithfear cloí leo chun gur féidir leis na páirtneirí oibriú le dínit i dtimpeallacht a thugann cúram agus meas dá gcearta. Tá sé de cheart ag gach duine bheith ábalta obair agus staidéar a dhéanamh agus scíth a ligint in atmaisféar atá saor ón bhobaireacht, ón

mhí-úsáid nó ó chur isteach d'aon sórt. Tá sé de dhualgas ar na páirtneírí a chinntiú go bhfuil meas iomlán ar chearta chách.

Ag glacadh leis go gcuireann cultúr an lae inniu an-bhéim ar chearta gan an bhéim chéanna a chur ar an bhfreagracht, iarrann an Bord Bainistíochta ar gach ball de chomhphobal na scoile iad féin a chur ar an eolas maidir lena gcúraimí.

Le roinnt blianta anuas leagtar síos ag achtanna dleathúla éagsúla, cearta agus cúraimí gach saoránach san ionad oibre, an comhphobal scoile san áireamh.

Glacann tromlach na ndaltaí leis na treoirlínte atá leagtha síos chun bainistíocht na scoile a dhéanamh i gceart. Tugtar comhairle ar dtús dóibh siúd nach nglacann leis na treoirlínte, ach má leanann siad le neamh-aird a thabhairt don Chód Iompair, caithfidh siad glacadh le torthaí a ngníomhartha. Sna cásanna fíor-annamh seo, bíonn ar an mbord bainistíochta breithiúnas a dhéanamh agus cothrom ceart a dhéanamh idir ceart oideachais an dalta agus ceart na ndaltaí eile staidéar a dhéanamh i dtimpeallacht chóir agus ceart na múinteoirí bheith ábalta oibriú i gcomhthéacs a thugann dínit agus meas dá gcuid oibre.

5. An Fhealsúnacht

Is í fealsúnacht Gael-Choláiste Chill Dara ná daltaí a mhúineadh tríd a n-achmhainní a nochtadh agus a bhláth, gan ach eolas amháin a thabhairt, chun daltaí ionraice cultúrtha a chothú sa chaoi go n-éireoidh go héifeachtach leo sa saol ilghnéitheach seo. Táimid go léir éagsúil, le riachtanais dhifriúla. Chun an fhealsúnacht a chothú agus a chur i gcrích déanfaidh Gael-Choláiste Chill Dara ceangail agus nascanna le réimse eagraíochtaí oideachais, teanga, cultúrtha, diaganta agus tacaíochta.

6. Dea-Iompar

Tá caighdeán na n-idirchaidrimh idir daltaí agus múinteoirí ar ceann de na tionchair is cumhachtaí maidir le hiompar daltaí. Tá sé mar chuspóir againn i nGael-Choláiste Chill Dara caidrimh chomh-mheasúla a chothú, caidrimh lena ndéantar cothromaíocht a aimsiú idir suáilceas/comhbhá agus oibiachtúlacht, gairmiúlacht agus féaráilteacht. Tá caighdeán na n-idirghníomhaíochtaí laethúla laistigh agus lasmuigh den scoil mar chroílár d'ár n-iarrachtaí dea-iompar a chur chun cinn. Daingníonn GCCD tríd a Chód Iompair cearta gach dalta timpeallacht foghlama saor ó chur isteach a bheith aige/aici. Is iad príomhchuspóirí an Chóid Iompair dea-iompar a chur chun cinn, forbairt phearsanta agus iomlánaíocht an dalta agus droch-iompar a chosc. Aithnímid agus tacaímid le:

- Daltaí a thacaíonn le misean agus le héiteas
- Iompar iomchuí lasmuigh agus laistigh den seomra ranga
- Eitic mhaith oibre
- Daltaí a léiríonn tuiscint ar agus meas as gach duine timpeall orthu
- Daltaí a léiríonn saoránacht mhaith agus tionscnaíocht ar scoil níos fearr a chur chun cinn
- Daltaí a dhéanann tréaniarracht barr a gcumais a bhaint amach
- Daltaí a chruthaíonn go maith go acadúil sna scrúduithe stáit agus scoile
- Daltaí a bhaineann aitheantas amach tríd a gcaithimh aimsire nó a spóirt roghnaithe

Daingnímid agus aithnímid iompar dearfach, dul chun cinn agus iarracht déanta laistigh den seomra ranga agus sa scoil i gcoitinne. Déantar é seo ar bhonn foirmeálta agus neamhfhoirmeálta trí:

- idirchaidrimh dhearfacha a spreagadh agus iad a chothú laistigh de phobail na scoile i gcoitinne
- chaitheamh le gach dalta go cothrom agus go féaráilte
- gach dalta a aithint agus meas a léiriú air/uirthi
- fheabhas sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim
- mhúinteoirí ag léiriú luachanna a spreagann daltaí agus idirghníomhaíocht dalta/ múinteora lasmuigh agus laistigh den seomra ranga
- mholadh ó bhéal a thabhairt ar obair agus ar iompar na ndaltaí sa rang
- obair dhaltaí a chur ar taispeáint sa rang agus i dorchlaí na scoile
- nótaí tráchta moltacha sa Dialann agus/nó ar obair bhaile.
- ghnóthachtálacha a aithint ar shuíomh gréasáin na scoile nó sa nuachtlitir

- idirchaidrimh dhearfacha agus iompar dearfach a chur chun cinn ag glaoch rolla agus ag am tionóil
- ardmholadh ag am tionóil agus ag searmanais ghradam bhliantúla
- thacaíocht ár bhfoireann thréadchúraim lena n-áirítear teagascóirí, Oidí Ranga, agus an Fhoireann Theorach agus Chomhairleoireachta
- raon leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim a chur ar fáil
- rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a chur chun cinn lena n-áirítear:
 - o Teagmháil fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta
 - o Cruinnithe Tuismitheora/Múinteora
 - o Tuairiscí na Nollag, Lár-théarma, an tSamhraidh
 - o Comhairle na dTuismitheoirí
- rannpháirtíocht daltaí a spreagadh trí:
 - o Ghníomhaíochtaí seach-churaclaim
 - o Ghaelbhratach
 - o Chinnirí
 - o Chomhairle na ndaltaí
- chóras gradam na scoile

7. Caighdeán

Tá súil ag Gael-Choláiste Chill Dara go léireofar meas ar dhaoine eile trí iompar gach ball den scoilphobail. Is comhartha iad Caighdeán ar luachanna dearfacha.

Ba chóir do Chaighdeán iompar na luachanna seo a leanas a léiriú:

- cur chun cinn na Gaeilge
- meas ar misean na scoile agus a héiteas
- féinmheas agus meas ar dhaoine eile
- cineáltas agus toilteanas cabhrú le daoine eile
- cúirtéis agus deá-bhéasa
- cothrom na féinne
- toilteanas slite urramacha a úsáid chun deacrachtaí agus coimhlintí a réiteach
- maithiúnas

Ba cheart go mbeadh cur síos sna caighdeán ar an dtiomantas dá gcuid foghlama agus d'fhoghlaim a bpiaraí bhfuil an scoil ag súil leis ó na daltaí. D'fhéadfaí a leanas a bheith ann:

- freastal rialta agus poncúil ar scoil
- do dhícheall a dhéanamh sa rang
- freagracht a ghlacadh as do chuid oibre
- cloí leis na rialacha
- cabhrú le timpeallacht shábháilte, dhearfach a chruthú
- meas a léiriú ar bhaill foirne
- meas a léiriú ar dhaltaí eile agus ar a bhfoghlaim
- bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí scoile

Is comhartha iad Caighdeán ar iompar inghlactha, is comhartha iad Caighdeán ar iompar do-ghlactha, chomh maith leis sin is bealach iad Caighdeán chun samplaí de na cineálacha iompair atá do-ghlactha a chur in iúil do bhaill phobal na scoile, mar shampla:

- iompar stá goilliúnach (lena n-áirítear bulaíocht, ciapadh, leithcheal agus iospairt)
- iompar a chuireann isteach ar mhúineadh agus ar fhoghlaim
- bagairtí nó gortú fisiciúil do dhuine eile
- díobháil do shealúchas
- goid

Is é cuspóir smachtbhanna cabhrú le dalta conas foghlaim. Is é cuspóir smachtbhanna iompar a athrú trí:

- cabhrú le daltaí a aithint go bhfuil a n-iompar do-ghlactha
- cabhrú leo tionchar a ngníomhartha agus a n-iompair ar dhaoine eile a aithint
- cabhrú le daltaí (ar dhlite atá iomchuí dá n-aoiseanna agus dá bhforbairt) tuiscint a fháil go bhfuil roghanna acu maidir lena n-iompar agus go mbaineann iarmhairt le gach rogha
- cabhrú leo freagracht a ghlacadh as a gcuid iompair

Anuas air sin d'fhéadfadh smachtbhanna:

- na teorainn atá leagtha amach sa chód iompair a threisiú
- comhartha a thabhairt do dhaltaí eile agus do bhaill foirne go bhfuil a bhfolláine á cosaint.

I gcásanna sárúithe níos tromchúisí de chaighdeán na scoile d'fheadfaí go dteastódh smachtbhannaí chun:

- cur isteach tromchúiseach ar mhúineadh agus ar fhoghlaim a chosc
- an dalta, nó daltaí eile nó aosaigh a choinneáil slán

8 (a) Riail na Gaeilge

Is í an Ghaeilge teanga oibre agus gnáththeanga na scoile agus chomhphobal na scoile, i ngach rang seachas rang an Bhéarla, agus labhraítear í ar aon turas scoile, nó ag aon imeacht nó gníomhaíocht scoile.

Tógtar go han-dáiríre aon sárú ar Riail na Gaeilge.

(b) An Coiste Gaeilge

I gcás Riail na Gaeilge a bheith briste cuireann an Coiste Gaeilge na smachtbhannaí i bhfeidhm le hionchur ó bhainistíocht más gá. Bunaithe ar chéimeanna a úsáideann an Choiste Gaeilge is féidir le dalta a bheith curtha ar fionraí nó eisiámh a bheith molta i gcás síorchiontóirí.

CÉIM 1 Cruinniú leis an gCoiste Gaeilge

Cruinniú/comhairle/taifead/nóta sa dialann agus an nóta le bheith sínithe ag tuisoir chun taispeáint do bhall den choiste an mhaidin dár gcionn.

CÉIM 2 Coinneáil Istigh ag am lóin

Cruinniú/comhairle, nóta sa dialann sínithe ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus litir mhachnaimh le scríobh ag an dalta.

CÉIM 3 Coinneáil Istigh 2 uair

Cruinniú agus coinneáil istigh dhá uair ar an Aoine, taifead agus nóta sa dialann agus litir/ glaoch abhaile.

CÉIM 4 Fionraí

Cruinniú le tuisoir /dalta & príomhoide. Litir le leanacht maidir le fionraí agus Bord Bainistíochta ar an eolas.

CÉIM 5 Litir ón mBord Bainistíochta, Fionraí

Teagmháil ón mBord Bainistíochta; fionraí ón bpríomhoide

(c) An Ghaeilge agus Cultúr na Tíre

De bharr gur scoil lán-Ghaeilge sinn tá an-bhéim ar theanga agus ar chultúr na tíre. Is sibhse, na scoláirí, a thabharfaidh na nithe luachmhara seo ar aghaidh chéad ghlún eile. Mar sin tá sé de dhualgas agus de dhúshlán ar gach scoláire Gaeilge a labhairt i gcónaí, feabhas a chur ar an nGaeilge, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus meas a thaispeáint ar an nGaeilge agus ar chultúr na tíre.

9 (a) Meas ar Dhaoine

Tá sé de cheart ag gach dalta agus ball foirne a bheith compordach agus sona agus iad i nGael-Choláiste Chill Dara. Éilíonn Gael-Choláiste Chill Dara meas ó dhaoine na scoile ar gach duine eile sa scoil agus sa chomhphobal. Chuige sin tá meas ar a chéile mar chuid bhunúsach de gach gné de GCCD. Ní ghlactar le heaspa measa, rud a thóillfidh piónós.

(b) Meas ar Mhaoín

Ba chóir do gach duine atá bainteach leis an Gael-Choláiste meas a thaispeáint ar gach a bhfuil ina seilbh féin agus a bhfuil i seilbh dhaoine eile. Ba chóir a bheith cúramach agus aireach i gcás mhaoin gach duine agus gan aon damáiste mailíseach nó goid a dhéanamh.

10. Comhairle na nDaltaí

Mar bhall de Chomhairle na nDaltaí faigheann daltaí seans ionchur a bheith acu ar Pholasaithe agus ar Ghníomhaíochtaí an Ghael-Choláiste. Bíonn roinnt de na cruinnithe le linn am ranganna agus roinnt eile le linn do chuid ama féin.

11. An Dialann

Síníonn múinteoirí ranga agus tuismitheoirí an dialann gach seachtain. Caithfidh sí a bheith ag an dalta i ngach rang agus caithfear í a thabhairt do phearsa údaraithe nuair a iarrtar air/uirthi. Níor chóir diúltú riamh í a thabhairt do mhúinteoir/do thuismitheoir/ do chaomhnóir. Is féidir le múinteoir í a úsáid chun cuntas ar mharcanna nó trácht a dhéanamh. Ba cheart í a choinneáil glan agus néata, suas chun dáta agus ní cheadaítear í a mhilleadh. Tógtar abhaile í gach lá.

Is í an dialann an leabhar is tábhachtaí atá agat

- Cabhraíonn sí leat tú féin a eagrú maidir le hamchlár, le hobair bhaile agus le gníomhaíochtaí eile.
- Is ceangal í idir an scoil agus an baile.
- Is dialann do ghnó na scoile í, ní do ghnó pearsanta, a úsáideann an fhoireann.
- Baineann gach duine atá i bpáirtíocht do chuid oideachais úsáid aisti – Tusa / Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus múinteoirí. Ba chóir go mbeadh sí agat i gcónaí agus í glan, néata agus eagraithe.
- Má iarrtar ort í le linn ranga ba chóir í a thabhairt i gcónaí agus má cheapann tú go bhfuil éagóir á dhéanamh ba chóir í a phlé leis an duine cuí.
- Ba chóir aon nóta ó mhúinteoir ábhair a bheith sínithe ag an múinteoir ranga agus ag tuismitheoir/caomhnóir.
- Ba chóir aon nóta ó mhúinteoir ranga, ó cheannaire sóisearach/sinsearach, ón bpríomhoide tánaisteach, ón bpríomhoide a bheith sínithe ag tuismitheoir/ag caomhnóir má deirtear leat.
- Ba chóir aon nóta ó thuismitheoir/ó chaomhnóir a bheith sínithe ag an duine cuí.

12. Iompar daltaí sa rang

Chun timpeallacht fhoghlama mhaith a chothú ba chóir cloí leis na treoracha seo a leanas:

- Bí in am don rang agus imigh go deabhéasach, pointeáilte ó rang amháin go rang eile.
- Tabhair aire do do shábháilteacht féin agus do shábháilteacht gach duine eile agus tú ag gluaiseacht ó sheomra go seomra.
- Bí ullamh don rang! Téigh díreach chuig d'áit agus tóg amach aon leabhar / cóipleabhar / trealamh atá ag teastáil.
- Comhoibrigh leis na múinteoirí agus le do chomhscoláirí sa rang agus bíodh meas agat ort féin agus ar dhaoine eile.
- Bíodh Dialann an Ghael-Choláiste agat i ngach rang agus scríobh an obair bhaile laethúil isteach inti.
- Bíodh an obair bhaile agus staidéar déanta don rang.
- Ba cheart torann a choinneáil ag an mbunphointe
- Nuair a theastaíonn ó dhalta labhairt, ba cheart dó/di a lámh a ardú agus fanacht le cead dul ar aghaidh.
- Ná habair agus ná déan aon rud a chuirfeadh as d'aon duine eile sa seomra.
- Ná bí ag ithe ag ól nó ag cogaint i rith ranga.
- Tabhair aird ar threoracha an mhúinteora go háirithe agus fearas/innealra in úsáid.

- Ba cheart an leithreas a úsáid ag am sosa/lóin. Ba chóir go bhfuil pas halla ag gach dalta atá ag dul go dtí an leithreas nuair atá ranganna ar siúl. Níl cead ag daltaí bheith ag dul go dtí na leithris 5 nóiméad roimh deireadh ranga ná sa chúig nóiméad ag tús ranga.
- Fág an seomra néata i do dhiaidh agus ná fág aon rud a bhaineann leat in aon seomra.
- Ní féidir le dalta an rang a fhágáil gan cead an mhúinteora. Bíonn an múinteoir i gceannas ar an rang agus caithfear a threoir a leanúint i gcónaí. Is é polasaí na scoile go dtaispeántar ard-chúirtéis agus ard-mheas do mhúinteoirí i gcónaí.

13. Trealamh Ranga

Tá chuile dhalta freagrach as leabhair agus trealamh ceart a bheith acu do na ranganna agus do na scrúduithe – pinn, pinn luaidhe, seiteanna matamaitice, áireamhán, táblaí mataimice srl. san áireamh.

14. (a) Iompar i dTimpeallacht an Ghael-Choláiste

- Bíodh meas agat ort féin agus ar dhaoine eile i gcónaí.
- Bíodh meas agat ar do mhaoín féin, ar mhaoín gach duine eile agus ar mhaoín an Ghael-Choláiste.
- Ná fág an Gael-Choláiste nó timpeallacht an Ghael-Choláiste gan chead tuismitheora nó chaomhnóra i scríbhinn nó ar an bhfón agus síniú amach.
- Coimeád an timpeallacht glan agus tóg aon bhruscar abhaile nó athchúrsaíl boscaí bruscar

(b) Iompar taobh amuigh den scoil

- Bíonn Cód Iompair an Ghael-Choláiste i bhfeidhm agus scoláirí ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí an Ghael-Choláiste taobh amuigh den Ghael-Choláiste.
- Ná déan dearmad agus an éide scoile ort, fiú mura bhfuil tú páirteach i ngníomhaíocht scoile, go bhfuil tú mar ionadaí an Ghael-Choláiste. Ná déan nó ná habair aon rud a thabharfaidh droch ainm don Ghael-Choláiste.

15 (a) Éide Scoile

Ba cheart do dhaltaí iad féin a chur i láthair glan agus néata agus an éide scoile iomlán á caitheamh acu. Ní féidir hata, caifirín, cochall nó lámhainní a chaitheamh timpeall na scoile. Ní cheadaítear polladh colainne nó seodra ar bith seachas stoda amháin i ngach cluas agus uaireadóir a chaitheamh ar mhaithe le cúrsaí slándála. Ní cheadaítear smideadh.

Éide Scoile Ghael-Choláiste Chill Dara ná

- sciorta na scoile / briste dúghorm,
- geansaí gorm geal,
- blús / léine bán
- bróga leathair dubha / dúghorma gan aon phatrún daite
- stocaí nó riteoga dúghorma nó liatha gan phatrún

Ní bheidh cead geansaí spóirt na scoile, seaicéad lomra nó aon chóta a chaitheamh sna ranganna seachas faoi threoir mhúinteora. Is gá cótaí a choinneáil sa taisceadán i rith am ranga.

Tá an éide scoile le fáil i Richie Whelans Menswear, Nás na Ríogh agus The Back To School Store, Droichead Nua.

Caithfear lipéad le hainm an úinéara air go soiléir a bheith ar gach píosa den éide scoile, éide spóirt srl.

Ba cheart éide báistí oiriúnach a chaitheamh nuair is gá ionas nach dtagann na daltaí ar scoil in éadaí fliucha.

Ba cheart péire stocaí agus bróga breise a thógáil ar scoil le haghaidh spóirt am lóin.

Cuirfear gloch ar thuismitheoir ó oifig na scoile chun éide a thógáil isteach nó a p(h)áiste a bhailiú má thagann dalta ar scoil gan éide scoile agus nach bhfuil sásta breis stoc na scoile a chaitheamh.

(b) Corpoideachas

Ba chóir go gcaithead an éide scoile nórmálta ag teacht ar scoil is ag imeacht ón scoil. Beidh ar dhaltaí éadaí spóirt a thabhairt leo don rang corpoideachais. Ní mór éadaí a athrú roimh agus i ndiaidh an rang corpoideachais. Ní bheidh cead ag aon dalta an culaith reatha a chaitheamh seachas i rith corpoideachais nó nuair a iarrann múinteoir orthu. Ba chóir go nglacann gach dalta páirt sna ranganna corpoideachais. Muna

bhfuil na héadaí cearta ag dalta nó múnar féidir leis nó léi páirt a ghlacadh sa rang toisc nóta a bheith acu ó thuismitheoir/chaomhnóir is féidir le dalta a bheith fágtha ag déanamh staidéir le rang eile.

16. Poncúlacht, Tinreamh agus Rannpháirteachas

Tá tinreamh rialta agus poncúlacht ríthábhachtach maidir le dul chun cinn éifeachtúil a dhéanamh agus chun gnóthachtáil acadúil a bhaint amach ar scoil. Ba chóir go dtabharfaí faoi deara freisin go bhfuil oibleagáid reachtúil ann faoin Acht Oideachais (Leas) 2000 freastal ar scoil agus gur cion é bheith as láthair ón scoil ar feadh breis is 20 lá gan chúis bhailí. I gcás go mbeidh iomlán carnach neamhláithreacha 20 lá ag dalta, go gcuirfidh an scoil TUSLA ar a eolas maidir leis. Má bhíonn an scoil buartha faoi thinreamh dalta, nach bhfuil iomlán carnach neamhláithreacha 20 lá bainte amach aige/aici, d'féadfadh sí TUSLA a chur ar an eolas maidir leis an mbuairt freisin.

- Táthar ag súil go mbeidh daltaí poncúil maidir lena dtinreamh agus go bhfreastalóidh siad go rialta ar scoil.
- Is iad uaireanta scoile 8.55rn go 3.50in (Aoine 8.55rn go 1.15in). Níl cead ag aon dalta áitreabh na scoile a fhágáil le linn na n-uaireanta seo gan chead.
- Mura dtiocfaidh dalta ar scoil cuirfear Tuismitheoirí/Caomhnóirí an dalta sin ar an eolas faoi sin trí theachtaireacht téacs a sheoladh.
- Ní mór nóta scríofa a thabhairt don oide ranga maidir le haon neamhláithreacht ón scoil. Ní mór an nóta seo a thabhairt don oide ar an lá a fhillfidh sé/sí ar an scoil i ndiaidh breoiteachta.
- Ní mór do dhaltaí a thagann déanach ar scoil (i ndiaidh 8.55 rn) síniú isteach ag an bhfáiltiú agus nóta scríofa a thabhairt.
- Ní mór do dhaltaí a éiríonn tinn le linn an lae iad féin a thabhairt don fháiltiú. Má tá gá ann dó, rachaidh ball foirne i dteagmháil le tuismitheoir nó le caomhnóir. D'fhonn seo, ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí a chinntiú go bhfuil uimhreacha teagmhála lae cothrom le dáta ag an scoil. Níor cheart do dhaltaí aon teagmháil fóin phóca a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí chun iad a chur ar an eolas maidir le tinneas nó chun socrú bailithe a dhéanamh gan foireann na hoifige a chur ar an eolas.
- Chun iomláine an lae scoile a chosaint iarraidimid go n-eagrófar coinní dochtúra, fiaclóra srl. lasmuigh d'am scoile chomh fada is atá sé indéanta. I gcás go mbeidh ar dhalta an scoil a fhágáil le linn an lae, ní mór nóta scríofa a thaispeáint don oide ar maidin agus arís ag an bhfáiltiú nuair a shíneoidh an dalta amach.
- Ní mór do dhaltaí freastal ar a ranganna sceidealaithe go léir nuair atá siad ar scoil.

Bíonn impleachtaí tromchúiseachta sláinte agus sábháilteachta i gceist nuair a bhíonn daltaí as láthair ón scoil gan chead. **Is sárú tromchúiseach ar an gCód Iompar é an scoil a fhágáil gan chead agus beidh sé faoi réir smachtbhanna ón scoil, mar a mheasfar iomchuí é. Ní bheidh an scoil freagrach as aon dalta a fhágfaidh an scoil gan chead nó a éalóidh ó chúram múinteora.**

17. Teagmháil Dalta / Baile nó Baile / Dalta

Más gá do dhalta dul i dteagmháil le tuismitheoir / caomhnóir, is cóir dul i gcomhairle leis an oide ranga agus is gá fón na hoifige a úsáid. Ní bheidh cead ag daltaí a bhfóin phóca a úsáid chun glaoch abhaile. Ar an nóta céanna má bhíonn tuismitheoir / caomhnóir ag iarraidh dul i dteagmháil le dalta i rith an lá scoile is cóir glaoch ar oifig na scoile mar go mbeidh fóin phóca na ndaltaí múchta i rith an lae agus rialacha i bhfeidhm.

18. Turais Scoile

Eagraítear turais scoile ag baill foirne ina am saor. Baineann gnáth-rialacha scoile i gcónaí le turais scoile. Tá ceart ag an scoil a discríd a úsáid chun cead a dhiúlú do dhalta taisteal ar thuras. Féach ar an bPolasaí do Thurais Scoile ar shuíomh na scoile www.gccd.ie.

19. Frithbhulaíocht

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile. Aithnítear a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí. Géilleann Beartas Frithbhulaíochta Ghael-Choláiste Chill Dara go huile is go hiomlán do riachtanais Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile a d'fhoilsigh an Roinn Oideachas agus Scileanna i Meán Fómhair 2013. Cloítear leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac sa scoil seo.

Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:

- ina nglactar go fonnmar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
- ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach;
- ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;

Cur chuige scoile uile;

- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige.
- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
- a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas,
- lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

20. Rialacha Gineáralta

Ní ghlactar le droch-theanga agus is féidir piónóis a thuilleadh dá bharr.

Ní cheadaítear aon phleidchíocht nó aon rancás ar scoil.

Ní bhíonn cead ag daltaí an scoil a fhágáil ag am lóin

Fanann daltaí laistigh den scoil ag am sosa agus ar laethanta fliucha.

Ar mhaitheas sláinte na ndaltaí ní bheidh cead ag daltaí a bheith in áiteanna áirithe.

Cuirtear i gcuimhne do dhaltaí gan aon rud drochbhéasach, maslach nó gáirsiúil a scríobh faoi phobal GCCD i bhfoirm téacs nó ar na meáin shóisialta.

21. Teagmháil Fhísiciúil

Níl sé de cheart ag aon dalta bheith i dteagmháil fhísiciúil le haon bhall eile de chomhphobal na scoile, bíodh siad ina ndalta nó ina mball foirne.

22. Lón agus rialacha chun bruscar a sheachaint

Teastaíonn uainn timpeallacht na scoile a choinneáil glan agus cuirimid dea-chleachtas i bhfeidhm maidir le bruscar agus conas fáil réidh leis. Itear lón in áiteanna ceadaithe amháin. Ní cheadaítear deoch nó bia in aon áit eile sa scoil. Spreagtar gach duine bosca lóin a úsáid chun bia agus deoch a thógáil ar scoil agus a mbruscar féin a thógáil abhaile leo. Ní cheadaítear lón a chaithfidh uisce beirithe a úsáid leis.

23. Fóin Phóca

Níl fón póca riachtanach ar scoil. Is féidir le daltaí glaoch gutháin a dhéanamh ón oifig más gá. Is féidir le tuistí glaoch ghutháin a chur ar an oifig más gá don tuiste dul i dteagmhail lena bpáiste. Níl aon fhreagracht ag an scoil as fón póca má thugann dalta ceann ar scoil. Sa chás go dtugtar fón póca ar scoil, tá cosc iomlán ar fhóin phóca a bheith in úsáid i ranganna ach amháin faoi threoir an mhúinteora. Má iarrann múinteoir ar dhalta(i), fágfar na fóin agus iad múchta ar dheasc an dalta i rith na ranganna. Beidh cosc iomlán ar úsáid an fhóin in aon áit laistigh de limistéir na scoile. Má bheirtear ar dhalta ag úsáid an fhóin tógfar an fón go dtí deireadh an lá scoile.

• Níl aon chead griangraf a ghlacadh.

• Níl cead taifead a dhéanamh ar an bhfón. Os rud é gur rud tromchúiseach seo gearrfar pionós trom, coinfisciú den fóin san áireamh ag brath ar dáiríreacht.

• Níl cead meáin shoisialta (snapchat, facebook, instagram) a úsáid i rith an lá scoile.

24. Taisceadáin

Tá cosc ar dhul go dtí na taisceadáin idir ranganna seachas ag sos agus lón agus roimh agus tar éis scoile. Tá ar dhaltaí na leabhair cearta a bheith acu do na blocanna de thrí ranganna agus muna bhfuil is féidir piónós a fháil ó mhúinteoir. Ní gá do mhúinteoir ligean do dhaltaí dul chuig na taisceadáin chun leabhair dearmadta a fháil. Is gá na taisceadáin a choinneáil faoi ghlas, le glas na scoile amháin ar chuinsí sabháilteachta.

Cuirfear aon taisceadán atá fágtha ar oscailt faoi ghlas. Muna leantar na rialacha seo tógfar na taisceadáin ó dhaltáí.

25. Staidéar agus Obair Bhaile

Tá Polasaí ar Fhoghlaim Fhéindhírthe, Staidéar agus Obair Bhaile ar fáil ar shuíomh GCCD. Is fiú do ghach dalta é a léamh agus na treoracha ansin a leanúint. Ba cheart do dhaltáí bheith an-chúramach leis an obair bhaile ó thaobh an chaghdéain de; caithfear a chinntiú go bhfuil gach obair bhaile scríofa déanta go néata agus go dtógtar isteach go tráthúil í.

26. Timpeallacht na Scoile / Bruscar

Spregtar na scoláirí chun meoin dearfach a bheith acu i leith na timpeallachta. Chuige sin, ba cheart an-chúram a thabhairt do gach treallamh, troscán, foirgneamh agus gléas scoile. Beidh ar aon dalta a bheirtear air/uirthe ag déanamh dochair do mhaoin na scoile, íoc as costas an damáiste nó an deisithe agus beidh pionós i gceist chomh maith. Sa chás ina bhfuil an damáiste tromchúiseach nó mailíseach cuirfear é/í ar fionraí. Ach go háirithe, ba cheart do chomhphobal iomlán na scoile mothú freagrach a bheith acu as an scoil a choinneáil saor ó bhruscar.

Tá cosc ar deochanna fuinnimh nó cannaí sa scoil agus is féidir le múinteoir iad a choigistiú.

Tá cosc iomlán ar ghuma coganta sa Ghael-Choláiste nó ina timpeallacht.

27. Carranna, Gluaisrothair / Móipéidí & Rothair

Níl an scoil freagrach as aon fheithicil a fhágtar sa scoil. Caithfear glas a chur ar aon rothar a fhágtar ar shuíomh na scoile. Caithfidh dalta ar bith atá ag iarraidh móipéid, gluaisrothar nó carr a thógáil isteach ar shuíomh na scoile, cead an phríomhoide a lorg chomh maith le litir a shíniú a gheallfaidh iompar freagrach. Tabharfar áit ceantar párcála ag tús na scoilbhliana agus ní fhágfaidh an feithicil an áit párcála sin ón 8.55 r.n. go deireadh an lá scoile de bharr cúrsaí sábháilteachta.

28. Slándáil

Caithfidh gach duine bheith tuisceanach maidir le réamh-chúramaí agus modhanna slándála. Le beagán réamhamhairc is féidir timpistí a sheachaint. Ba cheart do dhaltáí a rothaíonn ar scoil bheith rí-chúramach agus molaimid dóibh clogad a chaitheamh. Cruthaíonn dea-bhéasa agus gnáth-chúirtéis do dhaoine eile timpeallacht thaitneamhach agus shlán, go háirithe nuair atá líon mór daoine ag gluaiseacht i spás teoranta.

29. Úsáid Trealamh Teicneolaíochta, Ríomhairí agus an Idirlíon

Caithfidh daltaí polasaí cheartúsáid TE agus Idirlín na scoile agus treoracha na múinteoirí a leanúint i gcónaí maidir le húsáid threalamh TE agus an Idirlín. Ní féidir le dalta a bheith sa seomra ríomhairí muna bhfuil múinteoir leis/léi. Is féidir úsáid Threalamh TE agus an Idirlín a dhiúlú do dhaltáí nach leanann an polasaí seo nó pionós suas go fionraíocht nó díbirt a ghearradh orthu chomh maith.

30. Caitheamh Tabac

Cuireann an tAcht Sláinte Pobail (Tabac) cosc ar tabac a chaitheamh taobh istigh de theorainn na scoile. Lúann rannóg 47(3) den Acht sin go mbeidh aon duine (fostaí san áireamh) a sháraíonn na rialacha nua “ciontach as coir”. Lúann rannóg 47(4) go bhfuil an fhreagracht ar “an sealbhóir, an bainisteoir agus aon duine eile i gceannas”. Is féidir fineáil suas go €3,000 a ghearradh ar aon duine a sháraíonn na rialacha nua seo trí thabac a chaitheamh in aon áit a bhfuil cosc air. Má bheirtear ar dhaltá ag caitheamh lasmuigh de limistéir na scoile; cuirfear tuimitheoirí/caomhnóirí ar an eolas agus beidh fionraí tugtha.

31. Mí-úsáid Substaintí

Tá polasaí ar Mhí-úsáid Substaintí daingean ag an scoil. Má bheirtear ar aon dalta le drugaí ina sheilbh/seilbh nó faoi thionchar ábhair smachtaithe (alcól, cannabis, eacstais, hearóin, &rl), beidh fionraíocht nó díbirt i gceist.

32. (a) Pionóis

Idir na pionóis ar chur-isteach agus dhroch-iompar tá: breis oibre, bileog phionóis, nótaí sa dialann, coinneáil istigh ag am lóin nó i ndiaidh am scoile, litreacha abhaile, cruinniú le tuismitheoirí/caomhnóirí, fionraí, nó díbirt ón scoil. Is féidir le dalta pionós a fháil do ráitis mí-oiriúnacha, gothaí nó iompar imeaglaíthe. Go minic cabhraíonn an scoil le daltaí tri phleananna indibhidiúla iompair a chur le chéile ina ionnanaítear na cineálacha dhroch iompair agus na straitéisí chun déileáil leis an iompar sin.

(b) Córas Tuairisce

Nuair atá iompar dhalta i rang mí-shásúil is féidir é/í a chur ar thuairisc smachtúil thar thréimse seachtaine. Déanfaidh a mhúinteoir/múinteoir ranga agus a thuismitheoirí/ chaomhnóirí monatóireacht ar a iompar/hiompar agus ar conas a chomhlíonann sé/sí a chuid/cuid oibre. Má tá tuilleadh fadhbanna smachta ann, tar éis dhá thuairisc, is féidir an dalta a chur ar fionraí. Cuirtear in iúl do thuismitheoirí i gcónaí nuair a chuirtear dalta ar thuairisc agus go coitanta tugtar cuireadh dóibh teacht agus labhairt leis an múinteoir ranga/leasphríomhoide/príomhoide.

(c) Coinneáil Istigh

Tarraingíonn sáráithe áirithe smachta pionóis na coinneála istigh. Is pionós ceadaithe í an choinneáil istigh. Más ceann fada tar éis scoile ar an Aoine beidh fógra cuí ag tuismitheoirí/caomhnóirí roimh aon choinneáil istigh. Más coinneáil istigh ag am lóin atá ann cuirfear fios ar an dalta féin. Sa chás nach bhfuil an dalta i láthair gearrfar coinneáil istigh sa bhreis air/uirthi.

(d) Fionraíocht

Is pionós tromchúiseach í a bheith curtha ar fionraí agus cuirfear i bhfeidhm í ag an bPríomhoide nuair atá teip ar mhodhanna eile chun réiteach a dhéanamh i gcás smachta nó nuair atá an cás chomh tromchúiseach sin is go gcaithfear an dalta a chur ón scoil. Roimh dhalta a chur ar fionraí, cuirfidh an príomhoide nó an leas-phríomhoide na tuismitheoirí/ caomhnóirí ar an eolas, i scríbhinn, maidir le fáth na fionraíochta, fad na fionraíochta agus cad tá ag teastáil chun an dalta a ligint ar ais ar scoil. Beidh eolas ag an mBord Bainistíochta ar gach fionraíocht.

(e) Díbirt

Is í an díbirt an pionós is tromchúisí a chuireann scoil i bhfeidhm. Úsáidtear í i gcás sárú smachta fíor-thromchúisigh nó sa chás nuair atá cearta thromlach na ndaltaí á séanadh ag droch-iompar leanúnach dhalta aonair. Má shocraíonn an Bord Bainistíochta ar dhalta a dhíbirt, cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i scríbhinn chomh maith leis an mBord Leasa (TUSLA) a chur ar an eolas. Cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir le cearta athchomhairce a lorg agus buaileadh leis an mBord Bainistíochta. Má sheasann an Bord leis an gcinneadh an dalta a dhíbirt, cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir le cearta athchomhairce a lorg ón Roinn Oideachais. I gcónaí tógfar rannóg 29 den Acht Oideachais, 1998 agus rannóg 24 den Acht Leasa Oideachais, 2000 san áireamh.

FOCAL SCOIR

Is cáipéis beo é an cód iompair agus dá bharr sin is féidir leis athrú ag am ar bith. Cuirfear aon athrú in iúl do phobal na scoile má tharlaíonn siad. Bíonn gach eolas maidir leis an gcód smachta/rialacha na scoile curtha ar fáil nó scaipthe ar na slite seo a leanas;

- a) Cóip den pholasaí ar fáil san oifig
- b) Cóip den pholasaí is deireanaí i nDialann an dalta le bheith sínithe ag tuistí ag tús gach bliain.
- c) Múineadh rialacha na scoile mar chuid d'ionduchtú don chéad bliain.
- d) Má bhíonn aon athruithe beaga ná soiléirithe i gceist scaiptear iad trí na h-oidí ranga
- e) Múintear scileanna dea iompair do na daltaí a bhíonn ar choinneáil istigh.
- f) An polasaí is deireanaí uasdátaithe ar shuíomh na scoile www.gccd.ie

Déantar athbhreithniú ar an gcód iompair seo go rialta ag cruinnithe foirne/pleanála agus ag cruinnithe den Bhainistíocht Shinsearaí. Ag tús na scoilbliana caithfidh na rialacha seo a bheith léite, pléite agus aontaithe ag tuismitheoirí, caomhnóirí agus daltaí. Deimhneoidh an oide ranga go bhfuil an cód iompair sínithe.